

Tánaig adhbhar mo thuirse

[Watson, W. J. *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Scottish Gaelic Texts Society, Volume 1, Edinburgh 1937), poem 10, p. 82-9]

A ughdar so Giolla Coluim Mac an Ollaimh

1 Thánaig adhbhar mo thuirse,
cha liom chuaidh an bhliadhain-se;
ní tuigse do neach nach tuig
mo thuirse theacht mar thánaig.

2 Gé bé neach nach tuigeadh soin,
a theacht comhlán dom chumhaidh,
na luit-se féachadh im chom,
tuirse 'na créachtaibh orom.

3 Aoibhinn liom, giodh deacair dhamh,
tógbháil ar chuairt na *cumhadh*;
atá an brón 'gam chrádh fá chléith:
is mór mo ghrádh don [.....].

4 Tá mo chridhe 'na dhá leth,
cha n-iongnadh é bheith briste;
tá mo chorp gan fheoil gan fhuil,
mar bhocht gan treoir a *shamhail*.

5 Cha n-iongnadh cumha dá mhéid
orom i ndiaidh mheic Mairghréid;
ó chuimhnmid ar mhaith an fhir
nocha nfhuilngmid flaith d'fhaicsin.

6 Is truime dhúinne ná a dhol
anmhain 'na dhiaidh san saoghal;
mo chrádh, is tuar ar dhol as,
an lámh fhuaras ó Aonghus.

7 Giodh deacair liom deileadh ris,
mac Eoin an chomhráidh mhilis,
is measa é gan mh'fhilleadh as,
gan mhé ag tilleadh go hAonghas.

8 Giodh fada bheinn uath a muigh
's mo lucht tualais im dheaghaidh,
do bhí d'aontacht mo thriaith rinn
caontacht cha n-iarradh orainn.

9 Cha n-iongnadh m'aigneadh do mheath
ré faicinn tighearna Íle:
mo shlán gan mo bhrígh go trom

ó tá mo rí gan anam.

10 Do chrádh mo chridhe dá éis,
sgéal as urusa a aisnéis;
cha nfhóil fuidhleach ar mo bhrón,
do bhloigh cuibhreach mo [.....].

11 Mór mo bhrón 's ní h-iongnadh domh
cha tuirse [.....];
d'argain mo chridhe go lom,
gan slighe i nAlbain agam.

12 A nois ó's éigean domh triall
nó bheith ag cách fá *dhímiadh*,
ré linn-sean dob ansa dol
a h-innsibh allta Alban.

13 Gé thriallaim is deacair liom,
gé tá mar fhiachaibh orom;
mo rún do dhlúthuigh a muigh:
cúl rém dhúthaigh im dheaghaidh.

14 Is é ní fá-deara dhamh,
ar liom cha bheag an t-adhbhar,
gan mo ghaol do theacht ar ais,
aol ar do leacht, a Aonghais.

15 Is truime ná a éag sin
an ló tánaig dá aimsir,
a chnú chridhe is a chnámh chuirp,
gan slighe ag cách dá dhíoghailt.

16 Níor shaoileas duine ar domhan,
dá mhéid rath, dod cheannsughadh,
gur fealladh oirne agus ort:
mealladh lér h-oirneadh th'adhart.

17 O's é dheónadar a dhol,
truagh nach amhlaidh do bhámar,
a Mheic Mhuire bhaisghil bhinn,
gan duine taisgidh againn.

18 I n-éinfheacht ré agra ghill,
'na ghar gan dol 'na dheaghaidh,
níor éigh ní's faide ná sin
don mhéid bh'aige do mhuintir.

19 Lucht caidreabha a chúl gcam,
ar neimhní chaidh a gcomann;
a n-aigheadh do chuaidh ar ais:

's cruaidh gach caidreabh as t'éagmhais.

20 Dobadh deacair coimeas riom
's a mbí óm thighearna agam:
caidreabh is comhól is támh
's aigneadh romhór gan anlámh.

21 An uair théid cách dhá dtigh n-óil
is í mo chuid dá n-onóir
bheith fá bhrón gan díon a muigh,
ag ól mo dhíol do chumhaidh.

22 [.....] gan dol tar mh'ais,
cha n-anann cumha as m'éagmhais;
[.....] don chumhaidh mé:
's pailte ná dubhaigh Íle.

23 Is iomdha neach romhainn riamh
do chuir cumha fá dhímiadh;
[.....] dearbhthar liom
uirsgéal nár dealbhadh romham.

[24] Do chuala mé fada ó shoin
sgéal as cosmhail rér gcumhaidh:
ut sequitur in alio loco, etc.

[25] Mac Subhaltaigh na mbreath mbinn,
daltán Chathbhaidh is Chonaill.